

# SA Ghaeltacht

UIMHIR 13: Deireadh Fómhair 1980

IRIS OIFIGIÚIL — ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Oíche Shamhna le "Davy" — Lch. 7

## ÚRSCÉALA



Seán Ó Labhraí

### Athraithe san Eagraíocht

Tréaslaítear le Seán Ó Labhraí, atá ceapaithe mar Bhainisteoir Forbartha Tionscail taréis dó sár-job a dhéanamh mar Bhainisteoir Portfoliú sa Rannóg Infheistíochta le cúpla bliain anuas.



Mícheál de Liath

D'fhág Mícheál de Liath Údarás na Gaeltachta ag deireadh Mí Deireadh Fómhair chun post nua a ghlacadh i gCo. Phort Láirge. Guímíd rath ar Mícheál, duine uasal a raibh meas ag gach éinne san eagraíocht air.

Tá Seán Ó Riain ceapaithe mar Phríomh-Fheidhmeannach Cunta agus beidh Seán freagrach go sealadach ar chúrsaí comhthionscail.

Tá Ruan Ó Bric ceapaithe mar Leas-Príomh-Fheidhmeannach Fo-Thionscail.

### Comhghairdeas

TÁ na h-údarás staidéir Gheimhridh tagtha chun blátha! Comhghairdeas le na baill d'fhoireann an Údarás a bhain cáilíochtaí gairmiúla agus proifisiúnta amach le gaird.

D'éirigh le beirt ón Rannóg Tógála, Mícheál Ó Filbín agus Tomás Ó Flatharta i gCuid II den scrúdú do theicneoirí foirgneolaíochta "City and Guilds". Tuigtear dúinn gur

Ar lean lch. 8

## Beidh Cloch Acla ar Fhoirginti na Breataine



● Forbairt achmhainní Acla — Eoin Masterson ag dealbhú cloiche sa chairéal.

COMHLACHT é Gealchloch Acla Teo atá lonnaithe ag Coill Damhnait, Oileán Acla, agus atá i mbun cairéalacht agus déantúsaíocht grianchloichít Acla ó 1976, agus a bhfuil plean ar bun aige anois forbairt shuntasach a dhéanamh ar an ngnó i 1981 agus an fhostaíocht (20 fear) faoi mar atá sé anois a mhéadú go dtí thart fá 50 fear um dheireadh 1982. Ábhar tógála sainiúil ar acmhainn nádúrtha é an ghrianchloichít a bhfuil an-éileamh air, ní hamháin ar mhargaí na hÉireann ach ar mhargaí sa Bhreatain.

Is de bharr an éilimh sa Bhreatain ar gá an gnó in Acaill a fhorbairt. Anuas go dtí 1979 is ar an margadh baile a díoltaí os cionn 90% de na díolacháin. De den chur amach, ach tháinig meath sa tionscal tógála in Éirinn agus ag an am gcéanna tharla fás an-mhór ar ghnó DIY i Sasana, agus taréis do C.T.T. dul i gcabhair ar an gcomhlacht

chun margadh na Breataine a shaothrú tá an pointe sroiste anois gur ar an dtí 1979 is ar an margadh sin a déantar thart ar 60% de na díolacháin. De bharr an fháis sin sa mhargadh easportála ní mór na háiseanna táirgíochta a fhorbairt agus níos mó daoine a chur ag-obair iontu.

Chun an plean forbartha

a chur i gcrích tá monarcha nua 3,000 troigh chearnach faighte agus gléastá i gcóir dealbhú cloiche agus déantúsaíocht tinteán. Ag Dumha Éaga atá an mhonarcha sin, thart ar 4 mhíle ón gcairéal agus tá na seirbhísí ar fad ann ar ghá do thionsclaíocht trom. Fostófar 10 fear breise ansin agus thosnófar ag tairgiú

ann roimh tús 1981. Anuas air sin tá inneall nua ar a dtugtar "Hydrasplit" faighte ag an gcairéal. Déanfaidh an t-inneall seo cloch nádúrtha ar bloc tógála é de chuid mhór der, ghrianchloichít a bhí ina dhiomailt go dtí seo. Ar ball tabharfar isteach innealra bainte agus grádú chun gach aon diomailt a aistriú ina ábhar foirfeach.

### DÍOLACHÁIN

Nuair a bheidh an plean forbartha nua curtha i gcrích sroisfidh díolacháin an chomhlachta thart ar £500,000 agus beidh

fostaíocht fhiúntach á chur ar fáil i gcóir fir an cheantair — agus is ar éigin go bhfuil ceantar ar bih sa tír a bhfuil postanna d'fhir chomh criticiúil agus atá siad in Acaill. Idir 1974 agus 1977 cheadaigh Bord Ghaeltarra Éireann deontais ar mhéid £63,000 do Ghaelchloch Acla Teo., deontais a chuir ar chumas an chomhlachta an bonn daingean tionsclaíochta atá faoin bhfiontar anois a thógáil.

### BAINISTÍOCHT

Tomás Ó Loingsigh agus Donncha Ó Gogáin ar comhbhainisteoirí iad ar Ghaelchloch Acla Teo. De dhúchas Acla é Ó Loingsigh, a d'fhill ó na Stáit Aontaithe deich mbliana ó shin agus a thug faoi na hacmhainní nádúrtha sa chairéal a shaothrú. As Luimneach é Donncha Ó Gogáin a bhfuil cónaí air anois ag an Spidéal agus ar iar-fheidhmeannach togra é le Údarás na Gaeltachta. Tá an bheirt cinnte go n-eireoidh go han-mhaith leis an dtionscal amach anseo, ag cur san áireamh an fíor-thacaíocht atá aige ó phobal Acla agus fostaithe an chomhlachta ach go háirithe. Tá cloch Acla á úsáid anois go forleathan sa tionscal tógála i gcathracha agus bailte na tíre seo agus táthar dóchasach de bharr na pleananna forbartha atá ar bun ag an gComhlacht go mbeidh Gealchloch Acla Teo. le feiceáil ar thithe agus ar fhoirginti i bpríomh-chathracha na Breataine chomh maith.

## ÓCÁID STAIRIÚIL INS NA FORBACHA!



● I láthair ag oscailt oifigiúil Oifigí nua Roinn na Gaeltachta ins na Forbacha, Gaillimh bhí (ó chlé): Pádraig Ó Durcáin, Stiúrthóir, Roinn na Gaeltachta; Tom McEllistim, Aire Stáit, Roinn Airgeadais; Máire Geoghegan-Quinn, Aire na Gaeltachta; Bríd Uí Fhlatharta, Maor na Gaillimh; Mark Killilea, Aire Stáit, Roinn Poist agus Telegrafa; Liam Tóibín, Rúnaí, Roinn na Gaeltachta.

MÓIN! MÓIN! MÓIN! — Lch. 6

# Ag Tagairt

TÁ AN DARA TRÉIMHSE 5 bhliana den Scéim (Comórtas) Forbartha Pobal faoi sheol anois agus an cosúlacht ann go mbeidh na pobail Ghaeltachta an-ghníomhach ag baint amach na cuspóirí agus na haidhmeanna a leagadh amach don Scéim nuair a thionscnaigh Gaeltarra Éireann a céad tréimhse i 1974.

Dúradh go minic gurbh é an Scéim Forbartha Pobal an fiontar ba shuntasáí agus ba thábhachtaí de na scéimeanna ar fad a thionscnaigh Gaeltarra Éireann ón am gur reachtáileadh na cumhachtaí forbartha don Bhord le leasú an Acht Um Thionscail na Gaeltachta i 1965, de bhárr gur bhain cuspóirí na Scéime le croí-lár na tuiscinte sainmhínte ar fhorbairt na Gaeltachta i — muintir na Gaeltachta i mbun forbairt a bpobal féin agus ag saothrú agus ag neartú a gcuid n-acmhainní féin ar mhaith le saol agus dul chun cinn a gceantair.

Tá sé ráite ag lucht cáinte na mbeartas reachtúil a bhaineas le forbairt na Gaeltachta gur ceart smacht na forbartha sin bheith i lámha muintir na Gaeltachta — gur chóir do phobal na Gaeltachta bheith i gceannas ar a gcinniúint féin. Géilleadh comharthach don argóint sin, b'fhéidir, reachtáil Udarás na Gaeltachta, ar de dhúchas na Gaeltachta mórlucht dá chomhaltaí agus iad tofa go daonlathach ag a bpobail fhéin.

## AN POBAL

Feictear ó thaithí, áfach, gur gasta agus gur fiúntaí an fhorbairt agus spirid na féiniúlachta agus na féin-chabhraigh in uachtar sa phobal. Cuma cén eagra nó áisíneacht atá i mbun an riaracháin reachtúil, muna bhfuil an pobal — príomh acmhainn gach ceantair — mar shár-chuid den iarracht forbartha ní bheidh an lá leis an iarracht ar dheireadh. Forbairt daoine thar aon ní eile atá i gceist i bhforbairt na Gaeltachta agus tá sé fánach bheith ag iarraidh daoine a fhorbairt ina n-ainneoin fhéin. Sa chéad tréimhse den Chomórtas, ar ghlac 52 phobal Gaeltachta páirt ann, cruthaíodh go bhféadfadh daoine agus pobail páirt criticiúil a imirt i ngach aon ghné de fhorbairt a saoil ach an griosadh agus an spreagadh cuí bheith ann.

## SPIRID NA FÉINIÚLACHTA

Faoin bpobal go hiomlán a bhí tionscnú na scéimeanna forbartha ar fad a tionscnaíodh sa Chomórtas Forbartha Pobal, gan ladar bheith curtha ann ag aon áisíneacht eachtrach. Ní raibh tairbhe dá laghad le baint ag duine ná grúpa aonair ar bith as an nduais-chiste. Airgead le infheistiú agus le úsáid i bhforbairt breise ag an bpobal a bhí i ngach duais a bronnadh. Do réir mar a thuigfí agus a leithéid de chomórtas ar siúl, ní raibh chuile dhuine ná chuile phobal sásta le na torthaí, ná leis an doigh ar éirigh leis an bpobal sin agus ar theip ar an bpobal siúd, ach is féidir a rá go fírinneach gur éirigh leis an gcéad tréimhse sin na spriocanna agus na cuspóirí a ceapadh di a bhaint amach agus go bhfuil spirid na féiniúlachta in uachtar sa Ghaeltacht anois agus an dara tréimhse faoi sheol.

Ag ceadú an dara tréimhse sin dóibh, rinne Bord an Udaráis mion-leasaithe ar leagan amach an chéad tréimhse agus ar chuid de na rialacha a bhain léi. Mhéadaigh siad an duais-chiste agus cuireadh isteach rannáin ar leith i gcóir Chomharchumainn agus Ógchlubanna. Chuidigh na comhphatrúin ón eanáil phríobháideach go mór leis an nduais-chiste sa chéad thréimhse agus táthar ag súil go leanfaidh an dea-thoil ó na comhlachtaí agus eagraíochtaí fiúntacha san eanáil sin.

## ÍOMHÁ

Is córas é an Scéim Forbartha Pobal trín ar féidir le pobail na Gaeltachta a gcumas a chruthú dóibh féin agus do na húdaráis reachtúla agus rialacháin. De bharr forbairt na bpobal a tharla trí thionscnú na Scéim i 1974 tá forbairtí shuntasacha, idir mór agus mion, taréis tarlú sa Ghaeltacht go díreach de bharr iarracht agus aontas pobail. Ceannródaíocht sa Ghaeltacht é an Scéim, agus léirigh an méid a bhain sé amach ó 1974 go dtí 1979 go bhfuil cumas, éifeacht, misneach agus féin-iontaoibh ag pobal na Gaeltachta nach féidir íomhá an "síneadh láimhe" a chéangal leo níos mó.



• Antóin Ó hÍordáin

## Comh Maith le Málaí Plaisteacha ar bith san Eoraip...

TIONSCAL déantús-áiocht málaí plaisteacha atá lonnaithe ar Eastát Tionscail an Udaráis ar an mBun Beag é Europlast Teo. Tá 65 fear agus 15 cailíní fostaithe sa tionscal agus onmhairítear thart ar 60% de na táirgí — go dtí an Bhreatain sa chuid is mó dhe. Is ait mar scéal é, mar sin, go bhfuil díolacháin Europlast Teo. faoi bhrú ar an margadh baile de bharr iomaíochta le málaí plaisteacha atá á n-iomportáil.

Bhí bagairt ann le déanaí go gcaillfí postanna sa tionscal ach fritheadh ordú mór ó mhiondíoltóir náisiúnta a shábháil an fhostaíocht. Málaí siopadóireachta iomportála a bhí ar fáil go dtí sin i "super-stores" uilig an mhiondíoltóra sin ar fud na tíre.

Pádraig Ó Gallchóir, ar de dhúchas na Gaeltachta é, Bainisteoir Táirgíochta an chomhlachta. Dúirt Pádraig gur léirigh an dóigh inár shábháladh na postanna i Europlast Teo. an fíor-thábhacht a bhaineas le earraí Éireannacha de gach cineál bheith ar fáil sna siopaí.

### Margaíocht

Stiúrthóir Margaíocht Europlast Teo. é Antóin Ó hÍordáin. Gaillimheach é Antóin ó Bhaile Átha an Rí agus bhí sé mar Fheidhmeannach Díolacháin le Clondalkin Paper Mills sar a chuaigh sé go dtí Europlast Teo. Is comhalta de Bhord Stiúrtha an chomhlachta é ó Mí Eanáir 1980. Deir Antóin go bhfuil comh-chaighdeán ag táirgí Europlast Teo. le málaí plaisteacha ar bith san Eoraip.



• Pádraig Ó Gallchóir

# an Gaisce

**D**ÚIRT an saol mór go raibh sé do-dhéanta! Ach bhí fear amháin a dúirt go raibh sé so-dhéanta. Agus rinne sé é! Seo mar a tharla an gaisce atá i gceist agam:

Bhí sé beartaithe agam féin Inis Oirr a fhágaint tráthnóna Dé Céadaoin ar an gcuid is deireanaí de. Ach, mo shean-cháirde ar an Oileán, d'iarradar orm fanacht ar feadh cúpla lá eile. "Cén fáth go bhfanfaínn" — uaimse. "Chun go bhfeicfir an t-ionadh" arsa siad san. An Naomh Éanna ag teacht isteach go dtí an chéibh". "Sin rud nach féidir a dhéanamh", arsa mise. "Aon uair riamh roimhe seo go dtána anseo ar an Naomh Éanna, d'fhan sí amuigh ar an bhfarraige mhóir go dtí go dtáinig na curracháí chuici amach".

"Fan go bhfeicfir" arsa siadsan.

Tháinig an lá mór. Bhí an saol mór — bhuel — saol mór an Oileáin, pé ar domhan de, — bailithe ag an gcéibh. Bhíomar go léir ar bior. Árd-Rabharta taoide ann. An fharraige ina thubán leamhnachta. Bhí an lá pas beag ceofránach roimh meán-lae ach ansan do ghlan an spéir. Go luath sa tráthnóna bhí gach áit ag gliosearnaigh fé ghaethe gheala na gréine.

Timpeall a cúig a chlog dúirt cailín na hoifige ag ceann na céibhe go raibh Inis Meán fágtha cheana féin ag an Naomh Éanna — cuntas a fuair sí ar Raidió a bhí i dteagmháil leis na báid éagsúla a bhí timpeall an Oileáin.

B'shin í an uair go raibh dlús fén tslua a bhí bailithe ar an gcéibh — idir Éireannaigh agus Eachtrannaigh!

Ba ghearr ina dhiaidh sin go bhfacamar deatach na háthraigh ag seoladh chugainn aduaidh. Séideadh adharc na loinge ansan agus d'éirigh gair ón tslua chun fáilte a fheadh roimh an Naomh Éanna.


Díreach ag an neomat ceart tharla eachtra beag a chur gliondar ar mo chroí. Sheas Feargal Mac Amhlaoibh, Bainisteoir Comhar Chaomhán ar fhalla na céibhe agus thosaigh sé

ag seinnt ar an bprob. Do ghaibh an ceol thar an bhfarraige amach go dtí gur shrois sé an long. Do bhíodh na paisinéirí nuair a chualadar an ceol.

Diadh ar ndiaidh, orlach ar orlach — ba ar éigin a chreidfeá go raibh siúil fúithi ar chor ar bith, do dhruid an Naomh Éanna isteach.

Stop an ceol. Thit tost ar an slua agus ar an deic plódaithe. Bhí an taoide lán anois. Míliméadar ar mhíliméadar! An tárthach ag oibriú agus mar shaí-seá agus sinne go léir ag déanamh iontais den

le Brian Mac Mathúna



captaein amach ar an gcéibh chroith gach aoinne lámh leis. Corcaíoch a bhí ann — cad eile airíú. "Is tusa Christy Ring na farraige" arsa mise nuair a rinne mé comhghárdeas leis faoin ngaisce a bhí déanta aige. Gháir sé ansan. Bhraitheas adhbhairín uaignis ar sheanóirí an Oileáin — is ag cuimhneamh a bhíodar is dócha ar anróiteacht na haimsire nuair b'éigin dóibh dul amach ins na farraigí móra chun an áthaigh céanna.

Flosc oibre agus fothragadh 'nár dtimpeall féin am seo. Chuire short earraí ar an gcéibh. Bó Michael Francis go hard san aer agus í ag imeacht go dtí Ceannt na Gaillimhe. Sinne go léir — Martina agus Michel ón Ghearmáin, Nicola ón bhFrainc, Nancy agus Pádraigín ó na Stáit Aontaithe, fear ón Carribbean, an ceannaí asal agus an tOllamh le Gréigis — Solas buí na gréine ar ár gceannacha go léir agus muid ag faire go géar ar gach rud. Agus cé thiocthadh an treo ach mo chomh-chiarraíoch féin, Eibhlín Ní Mhurchú ó Bhaile Loiscithe, Baile an Fhírtéirigh — b'shin í an uair go gcloisfeá an Ghaoluinn uaithi, ach deinim-se amach gur tearc cainteoir in Éirinn atá chomh maith le hEibhlín s'againne.

Ceol an bprob le clos arís. An Naomh Éanna ag bogadh amach go deas mín réidh. Tocht uaignis agus tocht mórtais orainne a bhí fágtha ar an gcéibh. Bhí uaigneas orainn i ngeall ar scaradh na gearad. Ach bhí mórtas orainn freisin toisc gur deineadh an gaisce a bhí — dar leo — do-dhéanta.

## FOIREANN MEÁN-BHAINISTÍOCHTA AN ÚDARÁIS CHUN TOSAIGH ARÍS

I 1979 d'éirigh le foireann Ghaeltarra an cluiche cheannais i gcluiche náisiúnta Bainistíochta na hÉireann a bhaint amach don chéad uair riamh. I mbliana ghnóthaigh foireann an Údaráis an cheathrú áit in Éirinn. Comhghárdeas leo de bharr a n-éacht agus iad in iomaíocht le 329 bhfoireann eile. Roimhe seo bhuaidh siad Comórtas Connachta agus cluiche leath-cheannais na hÉireann.

Ar Ríomhaire a imrítear an cluiche ina mbíonn 4 nó 5 fhoireann in iomaíocht lena chéile agus gach foireann acu i gceannas chomhlacht samhlaithe déantúsaíochta atá ag táirgiú agus ag díol earraí áirithe. Ní mór don fhoireann cinnithe a dhéanamh ar leibhéal tairgeadh, luacháil, leagan amach margáí, rialú iompair, leibhéal taighde agus iasachtaí.

De bharr gur gnóthaigh siad an ceathrú duais náisiúnta, beidh an seisear ón Údarás ag dul ar dheireadh seachtaine saoire go dtí Óstán sa Choireán i gCo. Chiarraí go luath. De réir fear labhartha na fóirne, beidh Craobh Bainistíochta na hÉireann ag dul trasna na Sionainne don chéad uair riamh i 1981.

'Siad Aer Lingus, Business & Finance, International Computers Ltd. agus Institiúid Bainistíochta na hÉireann comhlachtaí urraithe an cluiche Bainistíochta.



I láthair i mBaile Átha Cliath ag ócáid bhronnadh na nDuaiseanna bhí foireann Údarás na Gaeltachta, ó chl: Seán Ó Faoláin, Antóin Ó hIoraidh (An Captaen), Risteárd de Faoite (Aer Lingus), Traolach Ó Laoire, Séamus Ó hEochaidh, Roy Mac Thomáis, (Cathaoirleach), Seán Mac Manus.

# "Níorbh aon Chabhair an



Na Buaiteoirí — Foireann Tarraingt Téide Éisc Teo. as Conamara a fuair an lámh in uachtar ar Thaisteal Chonamara sa bhabhta cheannais.



Foireann Peile Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach Cheannais.

## COMÓRTAS EADAR MHONARCHA 1980

Bhí gile an tráthnóna ag sleamhnú go tapaídh uainn sular cuireadh deireadh le comórtais faoin aer an Údaráis i mBaile Mhúirne i mbliana agus i ndáiríre b'éigean ciarsúr bán a chrochadh den gcuaile go bhfeicfí é, sular críochnaíodh an comórtas caitheamh crúite.

Gan amhras, níorbh aon chabhair an aimsir i bpáirc an Choláiste le reachtáil na gcomórtas mar is idir dhá chith is mó a himríodh na cluichí. Ach thairis sin arís, is cinnte narbh iad seo na comórtais ba shárúla riamh.

Ní féidir comórtais a chomh maith. Is cinnte chur ar bun gan go raibh baint ag bua na iomaitheoirí agus bhí Gaillimhe an Domhnach ganntanas comhlachtaí roimhré agus an turas ag glacadh páirt i fada ó cheann ceann na mbliana. Níor tháinig oiread is monarcha amháin ó Thír Chonaill agus bhí roinnt den sean-slua rialta ó Chonamara as lárthair

chomh maith. Is cinnte go raibh baint ag bua na Gaillimhe an Domhnach roimhré agus an turas fada ó cheann ceann na mbliana. Níor tháinig oiread is monarcha amháin ó Thír Chonaill agus bhí roinnt den sean-slua rialta ó Chonamara as lárthair

luaith sa bhliain iad. Is féidir roinnt mhaith de dhul chun cinn Comórtas Peile na Gaeltachta a thuiscint, mar gur ar dheireadh seachtaine fada a reachtáiltear é agus measaim féin go "ndéanfaí" na comórtais seo dá rithfí

ar an mbonn céanna iad. Thairis sin go léir, bhí caighdeán réasúnta árd sna comórtais arís i mbliana, go háirithe sa pheil. Cé go raibh conspóid áirithe ar maidin ann, ohí dhá chluiche an-mha' h againn tar éis lóin nuair a bhí ceithre chúilín sa

bhreis ag C.D.S. ar thionsclóirí Bhaile Mhúirne sa bhabhta leath-cheannais agus an méid céanna acu ar Thomás Ó Cartúir Teo. sa chluiche ceannais. Roimhe sin ar maidin, baineadh geit as cailíní na hArdoifige sular éirigh leo cailíní Theicstíl Chorcaí a chloí i gcluiche craoibhe na mban.

Má tá cáil ar na Corcaithe chun iománaíochta is mó den ghreann ná den chumas a bhí le feiscint ina gcuid iarrachtaí sa Phoc

Fada, nuair a theip orthu go léir buille ceart a bhualadh ar an sliotar. Ach níor chuir san isteach ná amach ar Shéamus Mac Donnchadha ó Thomás Cartúir Teo. sa choimeád ceannas Chonnachta slán.

Má bhí comórtas Mumhan-Connacht arís againn sa liathróid láimhe idir Pádraig Ó Tuama, Baile Mhúirne agus Barra Ó Muirthille na hArdoifige, bhí muintir an deiscirt tapaidh le rá gur ar Choláiste Íosagáin



Foireann Peile Tomás Ó Cartúir Teo. a d'imir sa chluiche cheannais. Bhuaidh Comharchumann Dhúiche Sheoighe orthu.

★★★★★★

Na t

### PEIL (Buachaillí)

1. Comharchumann Dhúiche Sheoigheach
2. Tomás Ó Cartúir Teo.

### (Cailíní)

1. Ardoifig
2. Teicstíl

### CAITHEAMH CRÚITE (Buachaillí)

1. Tomás Ó Cartúir Teo.
2. Taisteal Chonamara Teo.

### (Cailíní)

1. Éisc Teo.
2. Taisteal Chonamara Teo.

### TARRACH TÉIDE (Buachaillí)

1. Éisc Teo.
2. Taisteal Chonamara Teo.

# Aimsir i mBaile Mhúirne



each a chloí Tomás Ó Cartúir Teo. sa Chluiche



Máire Ní Chonghaile (Roinn na Gaeltachta) ag caitheamh agus Caitlín Ní Shúilleabháin (Éisc Teo.) ag féachaint uirthi le linn Comórtas Caitheamh Cruite (Cailíní) i mBaile Mhúirne.

## Le Liam Mac an Mhaoir.

Bhaile Mhúirne a d'fhoghlaim Barra a chéard.

Tar éis na gcomórtas scaip an slua — cuid acu chun an tart a shásamh agus cuid eile chun ite. Ansin, ina nduine ar dhuine, chruinníodar le chéile i dteach Uí Chonaill le haghaidh seisiún ceoil agus amhráin.

Bhí sé ag tarrach ar mheán-oíche sular bhaineadar amach halla an Pharóiste inar bronnadh na duaiseanna le linn céilí a bhí an-bhríomhar.

Mar sin, bhí an deireadh seachtaine tagtha chun críche maidin Dómhnaigh agus aghaidh abhaile á thabhairt ag na Connachtaigh. Ach narbh dheireadh seachtaine gan cuimhní é — Beartlaí bocht ina chodladh sa bhus — fear na léine deirge ag rinne ag an gcéilí, ach thairis aon ní eile an straign a bhí le feiscint ar aghaidh Nollaig Mór Mac Donnchadha ag tarrach téide Dé Sathairn!! Go mbeannaí Dia a neart.



Coimhlint sa chluiche cheannais i mBaile Mhúirne. Mícheál Ó Briain (Tomás Ó Cartúir Teo.) ag iarraidh a chic a fháil isteach i gcoinne Seán Ó Floinn (Comharchumann Dhuiche Sheoigheach).

## rtháí ★★★★★★

**LATHRÓID LÁIMH (Buachaillí)**  
P. Ó Tuama, Tionsclóirí Bhaile Mhúirne  
B. Ó Muirthile, Ardoifig.

**Cailíní)**  
Caitlín Nic an Ultaigh, Taisteal Chonamara  
Caitlín Bn. Uí Shúilleabháin, Éisc Teo.

**C FADA (Buachaillí)**  
Séamus Mac Donnchadha, Tomás Ó Cartúir Teo.  
Ciarán Ó Féinneadha, Amárach.

**Cailíní)**  
Muireann Ní Choscaradha, Ardoifig  
Caitlín Bn. Uí Shúilleabháin, Éisc Teo



An Liathróid buailte ag Barra Ó Muirthile (Ardoifig an Údarás) sa chluiche cheannais Liathróid Láimhe, ach bhí an bua ag Pádraig Ó Tuama, an fear áitiúil.

# Forbairt Achmhainní Nádurtha i nDún na nGall

## MÓIN

COMHAIRLEOIR ar chúrsaí forbairt mhóna do Údarás na Gaeltachta é Christy Ford, arfhostaí le Bord na Móna le bliana fada é mar shaineolaí ar-innill bhainte móna. Deir Christy gur de bharr díograis agus inniúlacht fhoireann forbartha Údarás na Gaeltachta i dTír Chonaill a deineadh an oiread sin dul chun cinn i bhforbairt phortach i nGaeltacht an chontae.

### MEICNIÚ

I 1974 a thosaigh Rannóg Tionscail Ghaeltachta an Údaráis (Gaeltarra ansin) ag plé le forbairt mhóna agus ag taighdiú faoi bhaint mhóna a mheicniú i bportaigh na Gaeltachta. Is beag cuidiú nó comhairle a bhí le fáil ó Bhord na Móna ag an am sin mar ná raibh taithí ag an mBord ar fhorbairt mhion-phortach a bhí garbh neamh-rialtá faoi mar atá na portaigh i dTír Chonaill. Bhí portaigh ag daoine aonaracha a lig chun báin iad mar go raibh an ola fós ar bheagluach, flúirseach agus an-áisiúil.

Tá's ag an saol céard

a tharla i gcúrsaí ola agus fuinnimh i 1973/74 — cúrsaí a chuir lucht thréigean na móna ag triall ar na portaigh arís, chun breosla a sholáthar dóibh féin ó acmhainn nádúrtha áitiúil. Thart ar an am sin freisin bhí soláthar na móna go dtí stáisiún ginte Ghaoth Dobhair ag dul i laghad, de bharr gan amhras, ná raibh dóthain daoine sásta leanacht den sclábhaíocht a bhaineas le lámh-shaothrú móna.

Taréis dó acmhainní insaothraithe ceantar iardheisceart Gaeltacht Thír Chonaill a mheas, cheadaigh Bórd Gaeltarra Éireann deontas i gcóir inneall bainte mhóna "Miniputt" i 1975 agus bhí an t-inneall á oibriú i rith shéasúr na móna i 1976. Thaca Bainisteoir áitiúil Bhord na Móna leis an dtionscnamh mar go bhfaca sé an tabhacht a bhain le forbairt na bportach mbeag i gcúrsaí dalú fuinnimh sa cheantar — móin a sholáthar don stáisiún ginte san áireamh.

### TAIGHDE

I 1978 rinne an Rannóg Tionscail Ghaeltachta



Seosamh Mac Aoidh as an Fhálcarra agus a chlann. Tá dul chun cinn mór déanta ag Seosamh le córas tarraceoir agus buicéad.

scrúdú ar thograí baint mhóna bunaithe ar chóras an "tarrachóra/buicéid", agus ceadaíodh deontas do thriúr a raibh an córas sin á oibriú acu ag soláthar móna don stáisiún ginte i nGaioth Dobhair. Bhí an córas á shaothrú ag beirt i rith séasúr 1979 ach bhí sé soiléir faoi dheireadh na bliana sin go raibh sé an-teoranta mar chóras fhoirfeach. Bhí an tarrachóir ró-throm agus gan dóthain cumas draenála agus é ró-éasca dó dul i mbá.

Leanadh den taighde, agus i dtús 1980 tháinig an t-inneall "Kabuta" i bhfeidhm, inneall ina bhfuil na laigheachtaí agus na teorainneach a bhain leis an Miniputt agus le córas an tarrachóra curtha ina gceart — beagnach. Deirtear go mbaineann mion-laigheachtaí leis an inneall seo, fiú, laigheachtaí atá aimsithe ag Christy Ford agus a bhfuil na déantóirí sásta iad a leasú.

De bharr an oiread suime agus atá á léiriú i bhforbairt portach i nGaeltacht Thír Chonaill déanadh socraithe le Bórd na Móna go rachfaidh cúigear déag ón nGaeltacht ar thuras taighde agus eolais go dtí aonad an Bhoird i Lanesboro, Co. an Longfoirt. Fuair an toscaireacht gach aon eolas ar an mhodh

imeachta ar gá a leanacht chun forbairt portaigh ar bith a bhaint amach go foirfeach. Bhí saineolaithe éagsúla Bord na Móna i láthair chun comhairle a chur agus ceisteanna a fhreagairt, agus ar na cúrsaí is suimiúla a pléadh faoi innill bhainte mhóna bhí an méid a dúirt saineolaí amháin — ná féadfaí glacadh go mbeadh

leor fadhanna le sárú go fóil níl amhras ach go mbeidh seasamh tábhachtach ag tionscal na móna i dtodhchaí Ghaeltacht Thír Chonaill. Tá mór-chuid le foghlaim ag gach aon duine atá gafa leis an mbeartas forbartha, ach léirigh an turas go dtí

Lanesboro agus an tsuim a chuir lucht na toscaireachta sin i ngach aon ní a bhí le foghlaim ansin go bhfuil an dearcadh agus an mheon-aigine i gceart acu siúd ar mhian leo bheith ag saothrú do réir an fhoirmle cheart.



Cathal Mac Suibhne, Oifigeach Forbartha Tionscail Údarás na Gaeltachta i nDún na nGall.

sásamh iomlán le hinneall ar bith gan "hovercraft" de chineál éigin le "back actor" bheith dearaithe. Obair lae eile, ar ndóigh!

TODHCHAÍ  
Ainneoin go bhfuil go

## Cúinne na nÓg



Comhghárdeas le Máirín Ní Chatháin as Leitir-Meas, An Spidéal, Co. na Gaillimhe a ghnóthaigh an mór-dhuais £20 i gcomórtas na léarscáile agus le Mícheál Ó Cartúir, Muicineach, Carna, Co. na Gaillimhe a bhuaidh an duais £10. Beidh seiceanna á seoladh chomh maith chuig Darach Ó Cualáin, Seana-Chomh-Mheas, Leitir Móir (£5) agus chuig Carol Ní Chonfhaola, Leitirmúcu, Camus (£3).

Ár mbuíochas do na iomathóirí uilig agus tá súil againn go mbainfidh sibh go léir triail as comórtas beg nua eile san eagrán seo.

Slán beo le go n-éirí libh!

Ón Eagarthóir, "Sa Ghaeltacht", Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh.

Earraí gur de dhéantús na Gaeltachta iad na h-earraí seo leanas:

- \* Inis dúinn cá ndéantar iad.
- \* Ar bhileog amháin (le bhur dtoil) scríobh síos ainm na h-áite agus an Ghaeltacht ina bhfuil sí suite.

### CÁ DÉANTAR?

1. "Sam Spudz"
2. Cniotáil Gaeltarra
3. Éadach Conamara
4. Cuiltanna "Euro-Quilt"

Mar is gnáth, bronnfar duaiseanna £20, £10, £5, £3.

## "... Ag forbairt ár n-acmhainní fuinnimh féin."

Ar a bhí le rá ag an Tánaiste agus Aire Fuinnimh, Seoirse Ó Colla ag labhairt dó i dTír Chonaill le gairid bhí an méid seo: "... ó thús na seachtóidí tá praghas na hola taréis a mhéadú ní uair amháin, ach go mion-mhínic, sa mhéid agus go bhfuil \$34 an bairille anois ar ola a bhí le fáil ar \$2 an bairille deich mbliana ó shin. Sa fadthéarma ní mór bheith eaglach faoi leanúnachas an soláthar ola ón Mheán-Oirthear ag féachaint leis an atmásféar corraithe a bhaineas le polaitíocht an cheantair sin."

"Sna cúinsí sin caithfimid bheith ar ár ndícheall ag forbairt ár n-acmhainní fuinnimh féin. Tá mé ag caint faoi na portaigh bheaga scoite ar fud na hÉireann. Tá an t-ádh libh go bhfuil cuid de na portaigh sin agaibh anseo i dTír Chonaill..."

# OÍCHE SHAMHNA




*“Naoi n-oíche,  
Agus oíche gan náire,  
Ó oíche sclabhadh na n-ullaí,  
Go dtí sclabhadh na genámha.”*

BHUEL, sí Oíche Shamhna nó oíche Alamaire oíche sclabhadh na n-ullaí agus sí oíche Mártan oíche sclabhadh na genámha. Ní oíche Shamhna a thugtaí uirthi i chuile áit fadó. San iarthair, bhí cúpla ainm uirthi. Bhí Oíche na Spioraideanna, Oíche an Phúca, Oíche na gCleas agus fadó thugtaí Sean-Shamhain uirthi. Thugtar Oíche an Phúca agus Oíche na Spioraideanna uirthi de bhrí gur chreid na seandaoine go mbíodh síoga agus spioraideanna amuigh an oíche sin. Bhí sí ar cheann de phríomh fhéilte na bliana. Ní raibh cead ag gasúir a gcuid lámha a leagann ar smeartha dubha, ar ullaí ná ar aon chineál eile tortha an oíche sin ar fhaitíos go raibh an púca tar éis séalú orthu. Bhreathnaíodh na seandaoine ar an oíche seo mar oíche dheire ar fhás na bliana sin agus deirtí go scaoilte na síoga saor le cuairt a thabhairt ar gach planda a bhí curtha ag na daoine. Is cuimhneach le go leor daoine an oíche seo mar oíche ofrála bia. D’fhágtaí bia taobh amuigh den doras le déanamh cinnte go dtabharfadh na síogaí an t-ádh ceart do mhuintir an teaghlaigh san bhliain a bhí le teacht. Níl sé i bhfad ó shin ar chor ar bith ó bhí nós eile mar é i gContae an Chláir.

## Áthas agus Brón

Séard a leagfaidís san amach ná soitheach gloine agus é líonta le uisce, ach níl mé cinnte cé dhó a ofráladh é seo. Ba ghnás eile uisce coiscithe a chraitheadh ar na hainmhithe Oíche Shamhna. Rud eile a bhíodh le feiceáil san iarthair an oíche sin ná coinnle a lasadh sa bhfuinneog i gcumhne ar na mairbh. I gcorr theach chuirfidís an choinneal sa bhfuinneog a bhí ar aghaidh na reilige nó má bhí an reilig píosa ó bhaile, chuirfidís an choinneal i bhfuinneog na binne i dtreo na reilige. Bhí áthas ag baint leis an oíche chomh maith le brón, mar bheadh cluiche agus cleasanna ar bun chomh



Oíche cheoil, siamsaíochta, cnóite, milseáin, ullaí agus cistí milse . . . “Davy” agus na páistí ag baint spóirt agus craic as oíche Shamhna.



## le Máirtín Davy

maith. Ach sula dtosnófaí orthu seo, bhí obair chrua le déanamh coicíos nó trí seachtainí roimh ré, mar bhí ar na feilmearáir an t-am sin a gcuid ainmhithe a thabhairt abhaile in aice an tí. Bhí orthu a gcuid cruithneachtan, a gcuid féir, fataí, turnapaí agus ullaí a thabhairt isteach agus iad a chur i stór in aice an tí, mar nuair a bhí Oíche Shamhna thart bhí an Geimhreadh tagtha.

## Diabhláocht

Deireann daoine gur tháinig an fhéile seo mar gheall ar an obair seo, agus nuair a bheadh an obair ar fad déanta go mbeadh oíche leagaithe amach acu le spraoi agus spóirt a bheith acu. Bhí an diabhláocht ar bun ag an aos óg i gcónaí oíche Shamhna tar éis dóibh a gcuid tomadh a bheith déanta acu ag iarraidh an píosa airgid a bhí ar thóin an bháisín a fháil. Bhíodh an té acu agus ní hé go mbeadh fonn ite orthu a shuídís isteach ag an mbord agus ag iarraidh an fáinne a fháil san mbuillín breac. Má fuair tú an fáinne ba chuma cén aois a bhí tú, ba thú an chéad duine eile a phósfadh. Ansin, chuirfí trí fo-chupán ar an mbord – uisce ar cheann amháin, créfóg ar cheann eile, agus paidrín ar an tríú ceann. An té a chuirfeadh a lámh ar an uisce, bheadh sé ag dul thar sáile go luath; ar an gcréfóg bhí tú dul síos agus ar an bpaidrín bhí tú le bheith i do shagart. Bhíodh an ceathrú pláta i gConnacht – agus bhíodh fáinne air – an té a leagfadh a lámh ar an bhfáinne bhí sé le bheith pósta roimh an gcéad shamhain eile – is iomaí fear pósta a fuair buille ón mbean nuair a bhí sé ag iarraidh an cleas seo a imirt mar bhíodh cuid acu agus bhíodh dhá croí acu ina dhiaidh.

## Cleasanna

Níl sé i bhfad ó shoin ó rinne cleasanna Oíche Shamhna damáiste mór i mBaile Átha Cliath – b’éigin do shiopadóirí sa chathair fanacht ina suí go maidin mar gheall gur chuir na páistí siopa amháin tré thine. Bhí cúinne amháin den chathair nár dheachaigh éinne a chodladh mar bhí siad ag múchadh agus ag coinneáil gasúir amach as siopaí ina raibh adhmaid agus earraí a bhí éasca le dó. Idir an 6 i.n. – 8.30 i.n. an oíche sin, tháinig níos mó

ná 120 glaoch ar Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ón bpobal agus ar na Gardaí. Bhí an méid sin ar an “Sunday Press” ar 1 Samhain.

Má tá deire tagaithe le cuid de na rudaí a bhíodh ar bun Oíche Shamhna fadó, tá rudaí nua ina áit. Agus nach deas mar a chaith Amhlaoibh Ó Súilleabháin, múinteoir scoile, Oíche Shamhna. Scríobh sé an píosa seo faoi ina dhialann i 1831 . . .

## 1831

“Dé Luain, an 31ú lá. Lá breá tirim scamallach. Gaoithe scéim aniar aneas. Chaith mé an oíche go sóisialta agus compórdach ag ithe ullaí agus ag ól tae, ag rósta cnóanna, ag ól ‘punch’ agus ag ithe toirtín úll. Leis seo chuir mé críoch le seisiúr an Fhómhair.”


Chuala mé an scéal seo faoin bhaile beag in iarthair na hÉireann. Suas le deich mbliana ó shin, chuaigh scata cailíní agus buachaillí amach Oíche Shamhna. Níor fhág siad roth ar aon charr asail ná bileog chabáiste in aon gharraí chabáiste. Bhí sé ráite chomh maith gur pheinteáil siad éadan fir ólta a bhí ar thaobh an bhóthair agus go raibh sé ráite sa mbaile ar maidin go raibh an púca agus na síogaí tagaithe ar ais arís. Rud eile a dheintear anois i gcorr áit ná píosa fada snáth láidir a cheangail do laiste an dorais. Ansin tugann siad an píosa snáth leo ar chúl an chlaí. Tarraingíonn siad an snáth



agus deineann an laiste torann. Tagann fear an tí nó bean an tí amach, ach ní bhíonn aon duine le feiceáil. Bhí ag éirí go maith leis an gcleas seo fadó ach is beag duine nach bhfuil fhios aige faoi anois.

## Ceol agus Siamsaíocht

Nuair a chuimníonn muid siar is údair gairí na rudaí a chreid daoine faoi Oíche Shamhna fadó. Ó tháinig feabhas ar an saol sna ceantair tuaithe, bíonn Oíche Shamhna mar oíche ceoil, óil agus siamsaíochta beagnach ag gach teaghlach atá in ann cnóite, milseáin, ullaí agus cistí milse a cheannacht. B’fhéidir gur féidir a rá gur ghearr go mbeidh Oíche Shamhna ina fhéile mhór arís, ní amháin do pháistí ach do dhaoine fásta chomh maith. Tá súil agam nach raibh mo scéal mar a deir an seanráiteas “ó Shamhain go Bealtaine”. Tá súil agam gur bhain sibh sásamh as Oíche Shamhna, agus go mbeidh muid ar fad beo sna blianta atá le teacht le cúnadh Dé leis na hathruithe atá tagaithe ar Oíche Shamhna a thabhairt faoi deara, agus le cur síos agus plé a dhéanamh orthu, cibé fíor nó bréag iad.




## "Sam Spudz" agus Tráth na gCeist

D'EAGRAIGH Comhairle Shóisialta Smailcbhia Teo. comórtas Tráth na gCeist le déanaí ins na trí paróistí Ghaeltachta – Cloich Cheannfhaola, Gaoth Dobhair agus Na Rossa. Deis shóisialta shuimiúil oideachasúil an comórtas do pháistí na trí bparóistí agus níorbh bheag an cabhair an ócáid chun comhoibriú a chothú agus a dhlúthú idir an chomhlacht, na scoileanna agus an pobal mór. Dár ndóigh, brathann "Sam Spudz" go mór ar na páistí mar phríomh-íditheoirí na mbrioscaí prátaí a dhéantúsaítear ar na Doirí Beaga.

Bunaíodh Smailcbhia Teo. i 1976 agus tá siad ar na príomh déantóirí "Crisps" sa tír seo anois.

Bhí 22 fhoireann istigh ar an gcomórtas agus b'iad buachaillí Scoil Chonaill, An Bun Beag a bhuaidh. Bhí Scoil Náisiúnta Rann na Feirste sa dara áit.



Ó Chlé: Na buaiteoirí Máirtín Ó Cnámhisi, Colmcille Ó Muineacháin, Donncha Mac Fhionnlaoich (Príomh-Oide Scoil Chonaill, An Bun Beag), Éamonn Mac Eachmharcaigh, Bríd Nic Suibhne.

## Chun Comhoibriú a chothú!



Le déanaí bhí cruinniú in Ardoifig an Údarás idir Fheidhmeannaigh An Chomhairle Gaelearraí agus Bainistíocht an Údaráis chun comhoibriú a chothú idir an Chomhairle agus tionscail éagsúla sa Ghaeltacht. Thug Feidhmeannaigh

an Chomhairle Gaelearraí cuairt ar thionscail áirithe i gConamara i ndiaidh an chruinnithe.

Sa phictiúr (ó chlé) tá: Vivian Ó Muirí, Príomh-Fheidhmeannach, Comhairle Gaelearraí, Cathal Mac G a b h a n n, Príomh-

Fheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta, Seán Ó Corragáin, Oifigeach Forbartha, Comhairle Gaelearraí, Mícheál Ó Máille, Cathaoirleach an Údaráis agus Ray Ó Donnchadha, Údarás na Gaeltachta.



Oscailt Oifigiúil Hecker Hartglas Teo., Baile na Finne, Dún na nGall. Ó chlé: Mr. Hans Peckunder (Ambasáid na Gearmáine), Cathal Mac Gabhann, Príomh-Fheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta, Mr. Werner Wirsing, Bainisteoir Stiúrtha Hecker Hartglas sa Ghearmáin, Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn T.D., Liam Tóibín, Rúnaí na Gaeltachta.

### COMHGHAIRDEAS

Ar lean. ó lch. 1

chríochnaigh Tomás an "marathon" i mBaile Átha Cliath le gairid. Cineál "marathon" eile a bhí ann ó thaobh cúrsaí staidéir de; mhair an cúrsa staidéir agus léachtanna oíche ceithre bhliana. Ach níor ghéill an bheirt agus tá a ngradaim tuillte acu.

Ach ní hí an Rannóg Tógála amháin a bhí gníomhach, staidéarach. D'éirigh le beirt sa Rannóg Traenála – Ralph Ó Gormáin agus Seán Ó Drisceoil – an M.B.A. a bhaint amach i gColáiste Ollscoile na Gaillimhe, éacht a léiríonn nach mbaineann traenáil agus a chuid buntáistí leo siúd amháin nach den Rannóg Traenála iad!

Ghnóthaigh Proinsias Ó Conláin sa Rannóg Forbartha Tionscail an M.B.A., agus ón Rannóg céanna Pádraig Ó Lorcáin a ghnóthaigh an Diplóma i Systems Analysis ó Choláiste na hOllscoile i nGaillimh.

Tá abhcóide eile ag an Eagraíocht! Fógraíodh le gairid go bhfuair Pádraig Ó Cochláin an "glaoch" tar éis dó an scrúdú deireanach a dhéanamh i mBaile Átha Cliath. Glaofar chun an Bharra é i mí Iúil seo chugainn. Tá aithne mhaith ar Phádraig ins na cúirteanna mar Oifigeach Díl an Údaráis ach beidh cead cainte sa chúirt aige uaidh seo amach!


Tá Pól Ó Cuimín ón Rannóg Airgeadais tar éis críoch sásúil a chur le cúrsa fada staidéir agus tá sé cáilithe anois mar chuntasóir cairte.

Go maire siad ar fad a nuacht.

Agus dúinne uilig – nóta meabhracháin go bhfuil na hoícheanta fada linn arís, go bhfuil clárú ar siúl dona cúrsaí éagsúla agus go bhfuil tacaíocht an Údaráis ar fáil ina leith. Nár cheart bheith ag smaoineamh ar cháilíocht breise a bhaint amach an Geimhreadh seo?

## Nuair a thug na Cinnirí Polaitíochta Cuairt ar an Eastát Tionscail . . .

Thug Ceannaire Fhine Gael, An Dr. Gearóid Mac Gearailt, T.D. agus a pháirtí cuairt oifigiúil ar Eastát Tionscail an Údaráis ar na Doirí Beaga. Sa phictiúr tá: ó chlé: (líne tosaigh) Cathal Mac Suibhne, Údarás na Gaeltachta, Pól Ó Foighil (Comhalta an Údaráis), R. Ó hEidhin, Údarás na Gaeltachta, An Dr. G. Mac Gearailt, D. Mac Fhionnaile agus Séamus de Faoite, T.D.



I láthair leis an Taoiseach nuair a thug sé cuairt oifigiúil ar Eastát Tionscail an Údaráis ar na Doirí Beaga le déanaí bhí ó chlé: (líne tosaigh) Raphael Burke, T.D. Aire Comhshaoil, Hugh Connaghan, T.D. Máire Geoghegan-Quinn, T.D., Aire na Gaeltachta, An Taoiseach, Cathal Ó hEochaigh, Máire Bn. Mhic Niallais, (Comhalta an Údaráis), An Dr. Pádraig Delap (Comhalta an Údaráis) Clement Ó Cochláin T.D. Ó chlé, ar cúl: R. Ó hEidhin, Údarás na Gaeltachta, Barry Richardson, Tomás de Lása, Maitiú Mac Fhianadhna, Cathal Mac Suibhne, Cathal Ó Muirí, P. Ó Gallchóir, C. Ó Dúgáin, F. Mac Aoidh, M. Hatch, D. Ó Domhnaill, P. Ó Gallchóir.

## FÁILTE



■ Stiofán Ó Cualáin atá ag feidhmiú mar Teicneoir (ceimic) ar Eastát Tionscail an Údaráis ins na Doirí Beaga, Dún na nGall.



■ Seán Mac Grianna atá ceapaithe mar Bhainisteoir Córais Eolais.

### COMHBHRÓN

Déanaimid comhbhrón le Breandán Mac Gearailt, comhalta de'n Údarás de bharr bás a mháthar, Martina Nic Gógáin de bharr bás a hathar, Seosamh Ó Cualáin de bharr bás a mháthair agus Máire Ní Chuana de bharr bás a sean-máthar.

Déanaimid comhbhrón freisin le baintreach Dheasún Uí Mháirtín agus lena clann de bharr bás a fir céile.